Cúlra

Cúlra - Sracfhéachaint

1920s

– 1926: Sheol an Dr. Dubhghlas de hÍde, Uachtarán na hÉireann ina dhiaidh sin, an chéad stáisiún raidió in Éirinn, 2RN

1930s

– 1932: Chlúdaigh 2RN an chéad chraoladh ollmhór lasmuigh, Chomhdháil Dhomhanda Chorp Críost i mBaile Átha Cliath, agus úsáideadh an tarchuradóir 60kw ardchumhachta nua (méadaíodh níos déanaí é sin go dtí 100kw) a suiteáladh i mBaile Átha Luain.
– 1937: Tháinig Bunreacht na hÉireann i bhfeidhm (tagraíonn Airteagal 40.60.i don Phreas agus do Chraolachán)
– 1937: Tháinig Raidió Éireann in áit 2RN, 6CK agus Radio Athlone mar ainm ar sheirbhís raidió náisiúnta na hÉireann
– 1939-45: Tá Raidió Éireann faoi réir cinseoireachta faoin *Acht Cumhachtaí Práinne, 1939*

1940s

– 1945: Thug an Taoiseach Éamon de Valera óráid ar Raidió Éireann ar VE Day mar fhreagra ar óráid Phríomh-Aire na Breataine Winston Churchill a craoladh ar an BCC.
– 1947: Chuir Mícheál O'Hehir craoladh beo i láthair trasna an Atlantaigh ó na Polo Grounds i Nua Eabhrach de Chluiche Ceannais Peile na hÉireann an CLG idir an Cabhán agus Ciarraí
– 1947: Tugadh isteach an tAonad Taifeadta Soghluaiste le taifeadán diosca, go príomha chun caint agus ceol a thaifeadadh i gceantar ina labhair daoine Gaeilge

1950s

– 1954: An chéad uair ar craoladh craolacháin do pháirtithe polaitíochta d'olltoghchán

1960s

– 1960: Achtaíodh an t*Acht um Údarás Craolacháin*. Bhunaigh an tAcht an tseirbhís teilifíse nua agus baineadh craolachán ó smacht dhíreach an Rialtais. Rinneadh go leor reachtaíochta eile maidir le craolachán lena n-áirítear Achtanna i 1988, 1990, 1993 agus 2001
– 1960: Bunaíodh Údarás Radio Telefís Éireann. Cheap an Rialtas na comhaltaí; ceapadh Eamonn Andrews mar an chéad Chathaoirleach ar RTÉ
– 1960: Chosain an chéad táille ceadúnais i gcomhar don teilifís agus don raidió £4; agus chosain ceadúnas raidió singil £1
– 1961: Foilsíodh an chéad eagrán den RTV Guide, an RTÉ Guide anois
– 1961: Oíche oscailte Telefís Éireann
– 1962: An chéad chraoladh den *The Late Late Show* (an seó cainte is faide ar an aer ar domhan anois) arna chur i láthair ag Gay Byrne a lean mar láithreoir an chláir go dtí 1999
– 1963: Craoladh cuairt Uachtarán na Stát Aontaithe John F Kennedy go hÉirinn
– 1966: Thosaigh Raidio Éireann tarchuireadóireacht FM agus athainmníodh é RTÉ Radio
– 1969: D'oscail RTÉ oifig i mBéal Feirste

1970s

– 1971: D'eisigh an Taoiseach an chéad treoir bunaithe ar Alt 31 den *Acht Craolacháin, 1960* a éilíonn ar RTÉ scor de chraoladh ionadaithe d'eagraíochtaí neamhdhleathacha
– 1972: An Chéad chraoladh de RTÉ Raidió na Gaeltachta ó na stiúideonna saintógtha i gCasla, Conamara
– 1972: Bhris an Rialtas Údarás RTÉ de bharr gur sáraíodh Alt 31 nuair a craoladh agallamh le ball den IRA ar RTÉ Radio. Ceapadh Údarás nua
– 1976: Bunaíodh an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin
– 1978: Craoladh an chéad chraoladh den dara cainéal teilifíse de chuid RTÉ, RTÉ Two anois
– 1979: Craoladh an chéad chraoladh den RTÉ Radio Two, RTÉ 2fm anois

1990s

– 1993: Bhunaigh RTÉ TV Aonad Léiriúchán Neamhpleách (IPU)
– 1993: Sa chéad bhliain inár reáchtáil RTÉ Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse trí bliana as a chéile, reáchtáil Éire an comórtas i Sráid an Mhuilinn, Contae Chorcaí
– 1994: Ag an 39ú comórtas Eoraifíse a reáchtáladh ag an Point Depot, Baile Átha Cliath, léiríodh Riverdance (an siamsaíocht ag an mbriseadh) den chéad uair
– 1994: Chuir Michael D Higgins, an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta a bhí freagrach as Craolachán deireadh le hAlt 31
– 1996: Chuaigh RTÉ.ie beo
– 1999: Craoladh an chéad chraoladh den stáisiún raidió ceoil clasaiceach, RTÉ lyric fm

2000s

– 2003: Fógraíodh go raibh Comhairle Lucht Éisteachta RTÉ bunaithe
– 2006: Foilsíodh Scéim Ghinearálta do Bhille Craolacháin comhdhlúite; faoi réir an chéad phróiseas ríomhchomhairliúcháin riamh i reachtaíocht na hÉireann.

An raibh a fhios agat?

– Is féidir le breis agus 99% díobh sin atá ina gcónaí in Éirinn Teilifís RTÉ a fháil
– Ba le muintir Annie Jameson, máthair Marconi, Teach Montrose, Ceanncheathrú Tosaigh RTÉ i nDomhnach Broc
– An 29ú Lúnasa, 1926 a chraol 2RN (an chéad stáisiún raidió in Éirinn) clúdach chluiche páirce den chéad uair riamh san Eoraip. Ba é cluiche leath-cheannais Iománaíochta Chraobh na hÉireann idir Chill Chainnigh agus Gaillimh i bPáirc an Chrócaigh a bhí ann. (Bhí an bua ag Cill Chainnigh 6-2 in aghaidh 5-1)
– D'aistrigh Ionad Raidió RTÉ ó Shráid Anraí i lár chathair Bhaile Átha Cliath go Domhnach Broc i 1973
– B'eipeasóid de *Glenroe* i 1991 an chéad léiriú fotheadealaithe de chuid RTÉ
– Lá an Bhuiséid, an 30 Eanáir 1991 a craoladh imeachtaí na Dála den chéad uair ar an teilifís.
– Craoladh an chéad chlár raidió urraithe den chéad uair in Éirinn an 31 Nollaig 1927, (do Euthymol Toothpaste)
– Chraol RTÉ One tuar na haimsire ar an teilifís den chéad uair an 1 Eanáir 1962 i ndiaidh phríomhnuacht an lae. Ba é George Callaghan, meitéareolaí de chuid Met Éireann a chur tuar na haimsire i láthair agus na léarscáileanna leis an eolas cuí tugtha leis aige ar a rothar ó Ghlas Naíon go RTÉ.